# Puzail Tarsia 2 - Ailgéabar

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - ailgéabar, oibríochtaí, rialacha agus airíonna<br>Cruth agus Spás - cruthanna déthoiseacha<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• obair s'acu a phleanáil agus a eagrú, ag foghlaim le hoibriú go córasach<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid lena gcuid oibre a phlé agus a smaointeoireacht a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | triantán comhshleasach, traipéisiam, heicseagán, cearnóg, dronuilleog, ceathairshleasán, rombas, slios, sleasa, comhionann, teisiliú, réitigh, straitéis, suimigh, dealaigh, roinn, iolraigh, codán, deachúil, sraith, lúibíní, cearnach, ciúbach, cothromóid, ailgéabar, siombail |
| **Áiseanna** | triantáin chomhshleasacha le gearradh amach, siosúr, gliú |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Déanann an ghníomhaíocht seo forbairt ar thaithí na ndaltaí ar Ghníomhaíocht Tarsia 1.

### 1 Gníomhaíocht 1

Ina n-aonar nó i mbeirteanna, fiosraíonn daltaí na cruthanna 2T is féidir a dhéanamh nuair a chuirtear triantáin chomhshleasacha le chéile. Úsáidfidh daltaí eagair na gcruthanna seo le puzal Tarsia bunaithe ar ailgéabar a chruthú. D'fhéadfaí critéir a chur ar fáil lena gcur sna puzail. Mar shampla, d'fhéadfaí iarraidh ar na daltaí roinnt de na rudaí seo a leanas a chur san áireamh:

- uimhreacha diúltacha
- lúibíní
- patrúin
- athróga
- cearnóga nó ciúbanna

Tástálann daltaí a gcuid leideanna lena chinntiú go n-oibríonn a bpuzal.

### 2 Gníomhaíocht 2

Roinneann daltaí a bpuzail ó Ghníomhaíocht 1 le daltaí eile lena gcríochnú. Réitíonn daltaí na puzail agus roinneann siad a straitéisí agus a réitigh. Measann siad na puzail agus smaoiníonn siad ar na rudaí a d'oibrigh go maith, agus ar na rudaí a d'athródh siad.

### 3 Gníomhaíocht 3

Agus iad ag obair ar phuzal ón Ghníomhaíocht roimhe seo, fiosraíonn na daltaí na cruthanna is féidir a dhéanamh nuair a chuirtear níos mó triantán comhshleasach leis an phuzal. Nuair a bheidh an cruth socraithe acu, cruthóidh siad leideanna sa bhreis lena gcur leis an phuzal. Tugann siad é seo ar ais don chruthaitheoir lena réiteach.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén cineál triantáin atá in úsáid i do phuzal?<br>• Cad iad na cruthanna a rinne tú?<br>• Cad iad na cruthanna nár úsáid tú?<br>• Cén straitéis a d'úsáid tú? | • Cá háit ar thosaigh tú? Cad chuige?<br>• Cad é mar a bhí a fhios agat go dtéann na píosaí seo taobh le taobh sa phuzal?<br>• Cad é an chuid is dúshlánaí/is fusa faoin ghníomhaíocht seo? Cad chuige?<br>• Cad chuige a síleann tú gur oibrigh/nár oibrigh do straitéis thosaigh?<br>• Cé acu straitéis is éifeachtaí? Cad chuige?<br>• Dá ndéanfá do phuzal Tarsia arís, cad é a d'athrófá agus cad chuige? |

## Difreáil

Socraigh inneachar agus líon critéar agus/nó líon na dtriantán comhshleasach a bheidh mar chuid de na puzail Tarsia de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.